



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Treoirnóta maidir le Teorainneacha Téarma Iontaobhaithe agus Pleanáil Chomharbais

Séanadh Dlíthiúil:

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Treoirnóta maidir le Teorainneacha Téarma Iontaobhaithe agus Pleanáil Chomharbais

Réamhrá

Chun carthanas a reáchtáil go maith, teastaíonn iontaobhaithe carthanais atá cumasach agus a oibríonn le chéile mar fhoireann éifeachtach. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh dea-mheascán scileanna, taithí agus eolais ann i measc iontaobhaithe carthanais agus go n-athnuafaí iad sin ar bhonn leanúnach. Príomhfhreagracht ar bhord aon charthanais is ea pleanáil chomharbais. Cabhraíonn sí lena chinntiú go líontar aon bhearnaí atá ann ar an mbord iontaobhaithe carthanais ó thaobh scileanna, taithí agus eolais de. Cabhraíonn sí le héagsúlacht na gcomhaltaí boird a choinneáil ar bun freisin.

Ba cheart d'iontaobhaithe carthanais a cheaptar ar feadh téarma teoranta oifige a thuiscint ó thús go measfar le himeacht ama go seasfaidh siad siar, agus tá sé de fhreagracht ar an mbord iontaobhaithe carthanais ullmhúcháin a dhéanamh ina leith sin. De bhreis air sin, is féidir go n-éireoidh iontaobhaí carthanais as bord carthanais roimh dheireadh a t(h)éarma oifige (e.g., ar chúiseanna pearsanta). Má bhíonn plean comharbais i bhfeidhm ag an mbord chun déileáil le cásanna den sórt sin, beidh sé de chumas ar an mbord freagairt dóibh go héifeachtach agus gan moill mhíchuí.

Na buntáistí a ghabhann le pleanáil chomharbais

Toradh féideartha a bheadh ar an aon ghrúpa daoine amháin a bheith ag fónamh ar bhord carthanais ar feadh roinnt mhaith blianta is ea go mbeadh a bhealach oibre féin aige. Is féidir fuinneamh nua, smaointe nua agus smaointeoireacht úr a thabhairt isteach i gcarthanas trí iontaobhaithe carthanais a cheapadh. Má bhíonn pleanáil chomharbais chuí i bhfeidhm aige, is amhlaidh a shealbhóidh dea-bhord roinnt iontaobhaithe carthanais a bhfuil taithí shuntasach acu agus atá ag obair i gcomhar le hiontaobhaithe carthanais nua. Cabhraíonn sé sin le cuimhne na heagraíochta a choinneáil ar bun agus, ag an am céanna, baineann sé leas as fuinneamh nua agus smaointeoireacht úr.

Fad seirbhíse iontaobhaithe

Cabhraíonn teorainneacha téarma le hathnuachan fhorchéimnitheach an Bhoird iontaobhaithe a chinntiú. Is féidir go leagfar amach i ndoiciméad rialaithe do charthanais cá fhad a mhairfidh ceapacháin iontaobhaithe agus cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar iontaobhaithe a athcheapadh tar éis dheireadh a dtéarma.

Moltar an méid seo a leanas i gCaighdeán 5.5 den Chód Rialachais do Charthanas:

“Déan breithniú ar theorainneacha téarma a thabhairt isteach do d’iontaobhaithe carthanas. Moltar go gcuirfeadh siad naoi mbliana ar a mhéad isteach.”

Tá an moladh sin bunaithe ar chaighdeáin dea-chleachtais a bhfuil glacadh leo. Mura ndéantar aon tagairt do theorainneacha téarma i do Dhoiciméad Rialaithe, ba cheart duit breithniú a dhéanamh ar iad a thabhairt isteach ar aon dul le moltaí an Chóid Rialachais do Charthanas.

Is féidir go mbeidh cúiseanna difriúla ann le teorainneacha téarma difriúla a bheith i bhfeidhm ag carthanas. Mar shampla, is féidir go bhforálfar do theorainn téarma dhifriúil i nDoiciméad Rialaithe an charthanas. Is féidir go mbeidh dea-chúiseanna ann freisin le hiontaobhaí carthanas a bheith ag obair sa ról le níos mó ná naoi mbliana. Ceann amháin de na cúiseanna leis sin is ea gur theip ar an bhfóirarracht a rinneadh comhaltaí nua boird a cheapadh. Cúis eile is ea go bhféadfar an téarma naoi mbliana a fhadú ar feadh tréimhse theoranta chun gur féidir pleanáil chomharbais éifeachtach a dhéanamh agus bord éagsúil a fhorbairt. Chun comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanas a chinntiú, ba cheart do charthanas a lua san Fhoirm um Chomhlíonadh a Thaifeadadh uathu cén fáth a bhfuil iontaobhaithe Carthanas ag fónamh ar an mBord le níos mó ná 9 mbliana as a chéile.

Ba cheart do charthanas teorainneacha téarma a bhunú do gach iontaobhaí Carthanas chun athnuachan rialta an Bhoird iontaobhaithe a chinntiú. Agus an chéad bhord iontaobhaithe á cheapadh agat, féach le fad na gcéad cheapachán a chéimniú chun an chuimhne chorparáideach a chaomhnú agus chun a chinntiú nach gcaillfidh an carthanas líon mór Comhaltaí Boird ag an aon am amháin.

Ní mór do charthanas a sheiceáil i ngach cás cé acu a leagtar nó nach leagtar amach sa doiciméad rialaithe uathu rialacha cuí maidir leis an líon iontaobhaithe carthanas a bheidh ag an gcarthanas agus maidir le fad seirbhíse na n-iontaobhaithe sin, go háirithe i gcás gur fhás an carthanas nó gur athraigh sé a mhodh oibre.

Pointe tosaithe

Pointe tosaithe aon phleanála comharbais éifeachtaí is ea teacht ar smaoineamh soiléir ar an gcomhdhéanamh agus an éagsúlacht ab fhearr ab fhéidir don bhord. Is gnách go stiúrfaidh an Cathaoirleach an próiseas sin agus ba cheart go gcabhródh sé lena shainnithint cén cineál scileanna, taithí agus eolais a theastóidh ón mbord iontaobhaithe carthanas chun formhaoirseacht a dhéanamh ar an gcarthanas san am i láthair agus san am atá le teacht. Próiseas leanúnach is ea pleanáil chomharbais boird. Ba cheart é a bheith ag teacht go dlúth le cuspóir, aidhmeanna agus cuspóirí an charthanas.

Comhdhéanamh an bhoird

Cuid thábhachtach den phróiseas pleanála comharbais is ea comhdhéanamh reatha an bhoird a bhreithniú. Breithnigh cé na cineálacha scileanna, taithí agus eolais atá ar fáil don bhord faoi láthair trí na hiontaobhaithe carthanas atá ann cheana, na nithe atá ar iarraidh agus na nithe a theastóidh ón gcarthanas sa todhchaí. A luaithe atá tuiscint shoiléir ag an mbord iontaobhaithe carthanas ar na scileanna agus an taithí atá ann cheana, ba cheart dó a bhreithniú cé na bearnaí nach mór a líonadh, e.g., saineolas airgeadais, acmhainní daonna, etc., agus cé na bearnaí a bheidh ann tar éis d'iontaobhaí carthanas ar leith éirí as.

Ba cheart don bhord iontaobhaithe carthanas féachaint le ceapadh a dhéanamh ar iontaobhaithe carthanas a shealbhaíonn na scileanna a theastaíonn chun a gcuid ról agus freagrachtaí a chomhlíonadh. I gcás go n-éireoidh iontaobhaithe carthanas as nó go dtiocfaidh a dtéarma oifige chun deiridh, ba cheart don bhord a chinntiú go sealbhaíonn na hiontaobhaithe a thagann isteach ina n-áit na scileanna a theastaíonn. Is scileanna iad sin atá ag teacht le cuspóir, aidhmeanna agus cuspóirí an charthanas.

D'fhéadfaí bearnaí scileanna a líonadh freisin ach cur leis na scileanna atá ag na hiontaobhaithe carthanas atá ann cheana trí oiliúint agus forbairt a dhéanamh agus trí obair i gcomhar le carthanas eile nó saineolas a chomhroinnt leo.

Éagsúlacht an bhoird

Tá sé tábhachtach go mbeadh bord aon charthanas comhdhéanta d'iontaobhaithe carthanas a chuireann éagsúlacht léargas agus dearcthaí in iúl le linn don bhord nithe a bhreithniú agus cinntí a dhéanamh orthu. Ní atá tábhachtach le cur san áireamh is ea éagsúlacht an bhoird. De bhreis ar thosca amhail inscne, aois agus eitneacht, ba cheart aird a thabhairt i bpleanáil chomharbais ar aon saineolas ar leith atá ag daoine aonair agus ar an taithí phraiticiúil atá acu ar an réimse lena mbaineann cuspóir an charthanas. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go mbeidh raon níos leithne taithí ag bord carthanas agus go mbainfidh sé a chuspóirí amach ar bhealach éifeachtach.

Athbhreithniú Boird

Tá sé mar dhea-chleachtas d'iontaobhaithe carthanas próiseas simplí a chur i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an bhoird agus, más féidir, ar fheidhmíocht na n-iontaobhaithe carthanas aonair. Tá na nithe seo a leanas i measc na réimsí a d'fhéadfaí a bhreithniú mar chuid d'athbhreithniú boird:

- Comhlíonadh an Chóid Rialachais do Charthanas;
- Comhlíonadh na gcód iompair ábhartha;

- Feidhmíocht, téarmaí tagartha agus comhdhéanamh na bhfochoistí;
- Leorgacht agus tráthúlacht na faisnéise arna tabhairt le linn cruinnithe boird;
- Measúnú ar scileanna an bhoird iontaobhaithe carthanais.

Chomh maith leis sin, tugann athbhreithniú boird an-deis lena chinntiú go bhfuil iontaobhaithe carthanais atá ann cheana ar an eolas faoi cén uair a thiocfaidh a dtéarma oifige ar an mbord chun deiridh agus chun a fháil amach an bhfuil nó nach bhfuil aon iontaobhaí ag smaoineamh ar éirí as níos luaithe ná mar a bheifí ag súil leis ar shlí eile. Más amhlaidh atá an líon iontaobhaithe carthanais atá ag éirí as níos airde ná atáthar ag súil leis, is fiú na cúiseanna leis sin a fhiosrú mar chuid d'athbhreithniú boird. Is féidir go gcabhróidh sé sin le sainathint a dhéanamh ar bhearta lena gcuirfí feabhas ar oibriú an bhoird agus lena laghdófaí an t-ardlíon iontaobhaithe atá ag éirí as.

Cé go mbaineann roinnt bord úsáid as na seirbhísí de chuid éascaitheora sheachtraigh, is féidir leis an mbord é féin, faoi stiúir ag an gCathaoirleach, athbhreithniú simplí boird a dhéanamh ach aiseolas a iarraidh ar cheisteanna sonracha nó ar réimsí ginearálta d'obair an bhoird. Má ghlactar le haiseolas gan ainm i scríbhinn ó iontaobhaithe carthanais, is féidir go spreagfar tuilleadh oscailteachta. Dá bhrí sin, is féidir gurbh fhéarr do bhord é sin a bhreithniú.

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis na doiciméid '[Iontaobhaithe Carthanais Ionchasacha a Earcú agus a Ionductú](#)', '[Breithmheas boird le haghaidh carthanais chasta](#)', '[Breithmheas boird le haghaidh carthanais neamhchasta](#)' agus '[Treoir d'Iontaobhaithe Carthanais](#)'.